CervicalCheck
THE NATIONAL CERVICAL SCREENING PROGRAMME
AN CLÁR NÁISIÚNTA SCAGTHÁSTÁLA CEIRBHEACS

CAIRT NA mBAN

Tiomantas Scagtha:

- CervicalCheck – Tairgeann an Clár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs clár cúraim atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de go hiomlán saor in aisce
- Roghnaíonn tú an duine a ghlacfaidh do smearadh ó raon leathan de sholáthraithe seirbhíse incháilithe atá cláraithe ar an gClár
- Is féidir leat an soláthraí a roghnaíonn tú a athrú chun scagadh a fháil tríd an gClár ina dhiaidh sin
- Beidh meas ag foireann uile an Chláir ar do phríobháideacht, do dhínit, do chreideamh, do chine, agus do chreidimh chultúrtha
- Déileálfar le do thaifid scagtha faoi dhian-rúndacht
- Beidh an deis agat i gcónaí do thuairimí a thabhairt agus iad a chur san áireamh
- A luaithe a aithneofar tú sa Chlár tabharfar cuireadh duit gach trí bliana le haghaidh scagtha má tá tú idir 25 agus 44 bliain d'aois agus gach cúig bliana má tá tú idir 45 agus 60 bliain d'aois
- Déanfar do thástáil smearaidh a scagadh i saotharlann chreidiúnaithe atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de. Cuirfear do thoradh agus do mholadh cóireála agus an duine ainmnithe le do smearadh a ghlacadh ar fáil duit faoin gClár laistigh de cheithre seachtaine.

Tá sé d'aidhm againn:

- Timpeallacht phléisiúrtha agus chompordach a chinntiú le linn an scagtha.

Má theastaíonn tuilleadh cóireála uait, tá sé d'aidhm againn:

- A chinntiú go dtairgfear coinne duit ag clinic colpascópachta atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de (laistigh de cheithre seachtaine le haghaidh athruithe ardghráid sna cealla agus laistigh d'ocht seachtaine le haghaidh athruithe ísealghráid sna cealla).

Inis dúinn cad a cheapann tú:

- Tá do chuid tuairimí tábhachtach dúinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht ár seirbhísí agus le réimsí ina bhféadfaimis feabhas a dhéanamh a shainaithint
- Tá an ceart agat do thuairim a chur in iúl faoin gcúram a fhaigheann tú
- Má shíleann tú nár chomhlíonamar caighdeáin na Cairte seo, cuir é sin in iúl dúinn trína insint do na daoine a sholáthraigh an cúram duit nó trí scríobh chuig an gClár
- Is mian linn cloisteáil uait chomh maith má shíleann tú go bhfuair tú seirbhís mhaith. Cuidíonn sé linn fios a bheith againn go bhfuileamar ag cur an cineál ceart seirbhíse ar fáil – ceann a shásaíonn tú
- Ar deireadh, má tá moltaí ar bith agat faoin dóigh ar féidir feabhas a chur ar ár seirbhís, bheimis sásta a bhreithniú an mbeimis ábalta iad a ghlacadh le tuilleadh feabhais a chur ar an dóigh a dtugaimid aire duit.

Bealaí is féidir leat cuidiú linn:

- Déan do choinne le duine cáilithe a ghlacann smearadh nuair a fhaigheann tú do litir chuiridh ón gClár
- Tabhair leat d'uimhir PSP chuig do choinne le do thoil
- Léigh eolas ar bith a chuirimid chugat le do thoil
- Déan iarracht le do thoil an t-eolas is fearr is féidir a bheith agat faoi do shláinte.

Inis dúinn:

- Má athraíonn tú do sheoladh
- Cad a cheapann tú – tá do chuid tuairimí tábhachtach.

Saorghlao 1800 45 45 55
www.cervicalcheck.ie

CervicalCheck
THE NATIONAL CERVICAL SCREENING PROGRAMME
AN CLÁR NÁISIÚNTA SCAGTHÁSTÁLA CEIRBHEACS

National Cancer Screening Service

An tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse
Cuimsíonn an tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse BreastCheck – An Clár Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe agus CervicalCheck – An Clár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs

CS/PUB/CC-13 Rev 1